Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

13337/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0294(NLE)

SCH-EVAL 199
SIRIS 85
COMIX 414

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12683/23 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar **an Danmhairg** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a bhaineann le **Córas Faisnéise** Schengen |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh sa mheastóireacht a rinneadh ar an Danmhairg in 2022 maidir le *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 25 Meán Fómhair 2023.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an Danmhairg maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen i ndáil leis an Danmhairg i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 1750 ón gCoimisiún glacadh tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe, ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) Mheas an fhoireann ar an láthair gur dea-chleachtais iad an t-uathoibriú i bpróiseáil foirmeacha SIRENE atá ag teacht isteach i gcás daoine agus, maidir le foirmeacha atá ag teacht isteach i ndáil le foláirimh a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, na foirmeacha sin a aistriú chuig seirbhísí slándála náisiúnta.

**1 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.**

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí feabhais atá le déanamh ag an Danmhairg chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. Chun úsáid chórasach agus lánfhorbairt Chóras Faisnéise Schengen a áirithiú, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 2, 4, 7, 16, 19 agus 20.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

(5) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle[1] ón 1 Deireadh Fómhair 2022. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin na dtuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a dhéanamh, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922.

(6) Laistigh de 2 mhí tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, ba cheart don Danmhairg, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile a chur chun feidhme agus chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Danmhairg an plean gníomhaíochta sin a chur ar fáil don Choimisiún agus don Chomhairle,

AG MOLADH:

gur cheart don Danmhairg an méid seo a leanas a dhéanamh

**Oifig N.SIS agus lárionad sonraí N.SIS, infhaighteacht**

1. a áirithiú go bhfuil faireachán iontaofa i bhfeidhm chun staidreamh a chur ar fáil maidir le hinfhaighteacht shonraí SIS d'úsáideoirí deiridh;

**1 Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú, agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, (IO L160, 15.6.2022, lch. 1).**

**Nósanna imeachta SIRENE maidir le malartú faisnéise forlíontaí**

2. líon na foirne atá fostaithe ag Biúró SIRENE a mhéadú chun na cúraimí go léir a shanntar don oifig a chur i gcrích;

3. a áirithiú nach n-úsáidfidh Biúró SIRENE na Danmhairge foirm SIRENE O go córasach chun an nós imeachta comhairliúcháin a thionscnamh, i gcomhréir le hAirteagal 34 de Lámhleabhar SIRENE maidir le teorainneacha agus filleadh[1] agus le hAirteagail 8(1) agus 27 de Rialachán (AE) 2018/1861[2];

4. a áirithiú go gcuirfear Europol ar an eolas trí fhaisnéis fhorlíontach a mhalartú maidir le hamais i ndáil le foláirimh a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta, i gcomhréir le hAirteagal 35(8) de Rialachán (AE) 2018/1861 agus le hAirteagal 48(8) de Rialachán (AE) 2018/1862[3];

**Nósanna imeachta SIRENE i réimse na cáilíochta sonraí**

5. comhordú a dhéanamh ar fhíorú cháilíocht sonraí na bhfoláireamh ar bhonn na dtuarascálacha cáilíochta sonraí arna seoladh ag eu-LISA;

**Córas sreafa oibre**

6. uathoibriú agus comhtháthú na gclár, na bhfeidhmchlár agus na mbunachar sonraí náisiúnta éagsúil a áirithiú i gCóras Bainistithe Cásanna SIRENE;

---

[1] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 18 Samhain 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cúraim Bhiúrónna SIRENE agus maidir le malartú faisnéise forlíontaí maidir le foláirimh i gCóras Faisnéise Schengen i réimse na seiceálacha teorann agus an fhillidh ('Lámhleabhar SIRENE - Teorainneacha agus filleadh').

[2] Rialachán (AE) Uimh. 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

[3] Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

**Biúró SIRENE — slándáil fhisiciúil agus loighciúil**

7. rialú rochtana fisicí a bhunú i gCúloifig SIRENE i gcomhréir le hAirteagal 10(1)(b) de Rialachán (AE) 2018/1861 agus le hAirteagal 10(1)(b) de Rialachán (AE) 2018/1862;

**Foláirimh a chruthú agus a scriosadh**

8. an leibhéal uathoibrithe i bpróiseas cruthaithe foláirimh SIS a fheabhsú;

9. nósanna imeachta agus uirlisí a chur ar fáil do na húdaráis imirce chun an fhaisnéis chéannachta ailias a chur ar aghaidh chuig Biúró SIRENE chun a áirithiú go gcuirfear na sonraí ailias le foláireamh SIS i gcónaí nuair a bheidh siad ar fáil sna bunachair sonraí náisiúnta;

10. maidir le foláirimh i ndáil le doiciméid neamhbhailí a lorgaítear lena n-urghabháil agus a chruthaítear in SIS arna iarraidh sin do na ceantair phóilíneachta, a áirithiú go ndéanfar na foláirimh sin a eisiúint mar ‘ábhar le hurghabháil’ seachas iad a eisiúint go córasach mar ‘arna neamhbhailíochtú ag an údarás eisiúna’;

**Rochtain ar SIS trí fheidhmchláir náisiúnta**

11. tábla traslitrithe leictreonach a chur ar fáil do na húsáideoirí deiridh trí úsáid a bhaint as na feidhmchláir chun SIS a cheadú;

**Feidhmchláir na bPóilíní Náisiúnta**

12. a áirithiú, i gcás amas i ndáil le foláirimh doiciméad i bhfeidhmchlár POLKON, go mbeidh foláireamh SIS ar taispeáint ar dtús os cionn fholáireamh Interpol;

13. i bhfeidhmchlár POLKON, feabhas a chur ar thaispeáint síntí aitheantais mí-úsáidte ionas gur féidir leis na húsáideoirí deiridh idirdhealú soiléir a dhéanamh idir an t-íospartach agus déantóir na coire;

14. an córas Uathaitheanta Uimhirphlátaí (ANPR) náisiúnta a nascadh le SIS;

15. cuardach comhtháite réamhshocraithe i mbunachair sonraí náisiúnta agus SIS araon a chur ar fáil i bpríomhleathanach an Aimsitheora POL-INTEL, i gcomhréir le cuspóir agus feidhmiú an chreata dhlíthiúil agus leis an gcuspóir dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2018/1861 agus in Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2018/1862;

16. a áirithiú go dtaispeánfar i bhfeidhmchlár an Aimsitheora POL-INTEL grianghraif, céannachtaí a áirítear sna foláirimh agus sna naisc, i gcomhréir le hAirteagal 9(1) agus (3) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1861 agus le hAirteagal 9(1) agus (3) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1862;

17. a áirithiú, san fheidhmchlár POL-INTEL, go ndéanfar na céannachtaí a mhí-úsáidtear agus na marcóirí rabhaidh a aibhsiú, agus go mbeidh na feidhmiúlachtaí cuardaigh 'doiléir' agus 'aon ainm' ar fáil do na húsáideoirí deiridh;

**Feidhmchláir mhóibíleacha**

18. an feidhmchlár Search App le haghaidh gléasanna móibíleacha a fhorbairt a thuilleadh chun gur féidir feithiclí a chuardach in SIS, chun grianghraif, an cineál ciona, céannachtaí mí-úsáidte, ailiasanna agus naisc a áirítear i bhfoláirimh SIS a thaispeáint agus chun an ghníomhaíocht mhalartach a thaispeáint i ndáil le foláirimh SIS faoi Airteagal 26 a bhfuil bratach curtha leo, i gcomhréir le hAirteagal 9(1) agus (3) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1861 agus le hAirteagal 9(1) agus (3) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1862;

19. tuilleadh feabhais a chur ar an bhfeidhmchlár Search App le haghaidh gléasanna móibíleacha i dtaispeáint faisnéise agus sna feidhmiúlachtaí cuardaigh;

20. a áirithiú, leis an bhfeidhmchlár BITFROST, go gcuirtear cuardaigh chomhtháite i mbunachair sonraí náisiúnta agus SIS ar fáil i gcomhréir le cuspóir agus feidhmiú an chreata dhlíthiúil agus leis an gcuspóir dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán (AE)2018/1861 agus in Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2018/1862;

**Údaráis imirce**

21. a áirithiú go dtaispeánfar i bhfeidhmchlár 'Public360' atá in úsáid ag na húdaráis imirce an fhaisnéis uile atá ar fáil sna foláirimh, i gcomhréir le hAirteagal 9(1) agus (3) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1861 agus le hAirteagal 9(1) agus (3) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1862;

**Údaráis chustaim**

22. rochtain dhíreach ar SIS a dheonú d’údaráis chustaim na Danmhairge chun seiceálacha a dhéanamh ar réada nó ar dhaoine le linn rialuithe custaim;

**Oiliúint**

23. níos mó oiliúna maidir le nós imeachta SIS a chur ar fáil do na húsáideoirí deiridh sna hionaid oibríochtúla agus ag an rialú teorann dara líne ag Aerfort Chóbanhávan.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*